# Saol Ella

## Eipeasóid 2: Ceacht 2

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 2: Cuid 2 **(13:40 – 23:00).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-2-ceacht-2/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén carachtar nua a tháinig go Maigh Rua san eipeasóid dheireanach? Cén chaoi ar mhothaigh Ella faoi?
2. Cén saghas caidrimh atá ag Ella lena Mamó go dtí seo?
3. Tá Lúsaí an-dáiríre faoi **na rialacha** i gColáiste Mhaigh Rua, go háirithe an riail a bhaineann le húsáid na bhfón póca. An bhfuil mórán rialacha i bhfeidhm i do scoil féin? Cad iad na rialacha is tábhachtaí i do scoil, i do thuairim?
4. Is breá le Mamó ióga. **Cén bealach atá agatsa** le do scíth a ligean?





© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

**Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.**

1. Nuair atá Lúsaí istigh ina seomra codlata tugann sí faoi deara go bhfuil rud éigin ar iarraidh ón seomra. Céard é an rud sin?
    a. buataisí peile
    b. a mata ióga
    c. ciseán torthaí
    d. ciseán fón póca



2. Cad a thugann Liam ar ais do Mhamó nuair a fhaightear amach go raibh sé ag gearradh táille ar na Gaeilgeoirí as a bhfóin phóca a úsáid?

3. Cén réiteach a mholann Rónán do Lúsaí a chinnteoidh go mbeidh rudaí slán sábháilte ina seomra codlata?
    a. fógra a chrochadh ar an doras
    b. an doras a chur faoi ghlas
    c. gliú a chur ar hanla an dorais

4. Cad í an chúis *is mó* a bhfuil an-imní ar Ella go ndéarfadh Lúsaí le Gearóidín go raibh na fóin in úsáid ina teach?
    a. Caillfidh siad na Gaeilgeoirí.
    b. Beidh a Daid ar buile.
    c. Imeoidh a mamó.
    d. Beidh uirthi post samhraidh eile a fháil.

5. Cén riail thábhachtach a bhriseann Lúsaí?

6. Cén mothúchán is fearr a dhéanann cur síos ar an gcaoi a mbraitheann Ella nuair a fheiceann sí go bhfuil rang ióga ar siúl ag Mamó?
    a. brón
    b. áthas
    c. díomá
    d. cumha

7. D'inis Lúsaí bréag do Ghearóidín. Fíor nó bréagach?



8. Cén béile a ullmhaíonn Liam do na Gaeilgeoirí?

9. Cén fáth a dtagann Bróna isteach i seomra codlata Ella díreach roimh am codlata?



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


**C. FEASACHT TEANGA**


Baintear úsáid as an modh ordaitheach go minic i rith an chláir. Seo an bealach le horduithe nó treoracha a thabhairt sa Ghaeilge. Tá dhá shlí éagsúla ann leis an modh ordaitheach a úsáid, ag brath ar a bhfuil tú ag caint le duine amháin (uimhir uatha) nó le níos mó ná duine amháin (uimhir iolra):

**Na briathra rialta sa mhodh ordaitheach**



| **UIMHIR UATHA** | | **UIMHIR IOLRA** | |
|---|---|---|---|
| **An Chéad Réimniú** | **An Dara Réimniú** | **An Chéad Réimniú** | **An Dara Réimniú** |
| Dún | Ceannaigh | Dúnaigí | Ceannaígí |
| Éist | Éirigh | Éistigí | Éirígí |
| Caith | Fiosraigh | Caithigí | Fiosraígí |
| Bris | Deisigh | Brisigí | Deisígí |









snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Tá **15 riail ó Choláiste Mhaigh Rua** sa cheacht thíos. Tá siad ar fad san uimhir uatha. An féidir leat na rialacha a scríobh san uimhir iolra? Tá an chéad cheann déanta mar shampla. Mura bhfuil tú cinnte, gheobhaidh tú cúnamh ag www.teanglann.ie

| **UIMHIR UATHA** | **UIMHIR IOLRA** |
|---|---|
| 1. **Éirigh** ag a seacht a chlog ar maidin. | **Éirígí** ag a seacht a chlog ar maidin. |
| 2. **Ith** bricfeasta ag a 7.30pm. | |
| 3. **Bí** réidh don bhus ag a 8.00am. | |
| 4. **Tabhair** an lón leat ar an mbus. | |
| 5. **Fan** ag doras an tseomra ranga go dtiocfaidh an múinteoir. | |
| 6. **Téigh** isteach sa seomra ranga nuair a osclaíonn an múinteoir an doras. | |
| 7. Ná **bí** ag caint sa rang ar chor ar bith. | |
| 8. **Fág** an seomra ranga ag am sosa agus ag am lóin. | |
| 9. **Imigh** abhaile chomh tapa in Éirinn agus is féidir ag am lóin. | |
| 10. Ná **déan** moill ag filleadh ar an gcoláiste tar éis lóin. | |
| 11. **Glac** páirt ghníomhach sna himeachtaí spraíúla san iarnóin. | |
| 12. **Gabh** buíochas le Bean an Tí as béile an tráthnóna. | |
| 13. **Fill** ar an gcoláiste ansin le haghaidh imeachtaí an tráthnóna. | |
| 14. **Siúil** chomh fada leis an mbus nuair a bheidh imeachtaí an tráthnóna críochnaithe. | |
| 15. **Ullmhaigh** tú féin le dul a chodladh ansin. | |
| 16. **Téigh** a chodladh faoi 11pm | |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. SCRÍOBH**

Seo **ríomhphost** ó Ghearóidín chuig tuismitheoirí na nGaeilgeoirí ag insint dóibh faoin riail is tábhachtaí sa choláiste.

**Ó:** gearóidínníchonghaile@colaistemhaighrua.ie
**Chuig:** Tuismitheoirí na nGaeilgeoirí
**Ábhar:** Riail bhunúsach an Choláiste

A thuismitheoir dhil,
Táimid ar fad anseo i gColáiste Mhaigh Rua ag súil go mór le do mhac/d'iníon a fheiceáil an tseachtain seo chugainn. Sula dtiocfaidh na scoláirí ar fad chugainn áfach, is mian liom riail bhunúsach an choláiste a chur ar do shúile duit. Seo í an riail a bhaineann leis na fóin phóca. Tuigimid gur dlúthchuid den saol anois iad na fóin. Anseo, i gColáiste Mhaigh Rua ámh, ba mhaith linn go mbeadh deis ag na scoláirí iad féin a thumadh isteach go hiomlán in imeachtaí uilig an choláiste. Chuige sin, tá cosc iomlán ar na fóin a úsáid ach amháin ar an Aoine nuair a bheidh 30 nóiméad acu chun glaoch a chur abhaile nó teagmháil a dhéanamh lena gcairde. Creidimid gurb é seo an bealach is fearr agus is éifeachtaí le go mbeidh na scoláirí sáite go huile is go hiomlán in atmaisféar cuideachtúil an choláiste. Má theastaíonn uait dul i dteagmháil le do pháiste i rith an chúrsa féadfaidh tú glaoch a chur ar Fherdia in oifig na ndaltaí.
Le gach dea-ghuí,
Gearóidín Ní Chonghaile
**Príomhoide**
**Choláiste Mhaigh Rua**



Anois, lig ort féin gur tuismitheoir tú agus go bhfuil do pháiste ag freastal ar an gcoláiste Gaeilge seo. Tabhair freagra ar ríomhphost an phríomhoide. Scríobh thart ar 150 focal.





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E. CAINT**

Le do pháirtí ranga, **pléigh** na ceisteanna seo thíos a bhaineann le rialacha scoile:

1. An bhfuil a lán rialacha i do scoil féin?
2. Cad iad na rialacha sin?
3. An bhfuil na rialacha sin cothrom, dar leat?
4. Cén riail is mó a bhristear ar scoil?
5. An bhfuil riail ar bith ar scoil a cheapann sibh atá tábhachtach? Céard í?
6. Cé chomh dian is atá do scoil féin i gcomparáid le scoileanna eile sa cheantar, i do thuairim?









snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**

1. d. ciseán fón póca
2. Airgead/boinn.
3. b. an doras a chur faoi ghlas
4. a. Caillfidh siad na Gaeilgeoirí.
5. Cuireann sí a doras féin faoi ghlas.
6. b. áthas
7. Fíor
8. Cáca agus sútha talún.
9. Chun buíochas a ghabháil léi.



**C. FEASACHT TEANGA**

| UIMHIR UATHA | UIMHIR IOLRA |
|---|---|
| 1. **Éirigh** ag a seacht a chlog ar maidin. | 1. **Éirígí** ag a seacht a chlog ar maidin. |
| 2. **Ith** bricfeasta ag a 7.30pm. | 2. **Ithigí** bricfeasta ag a 7.30pm. |
| 3. **Bí** réidh don bhus ag a hocht a chlog. | 3. **Bígí** réidh don bhus ag a hocht a chlog. |
| 4. **Tabhair** an lón leat ar an mbus. | 4. **Tugaigí** an lón libh ar an mbus. |
| 5. **Fan** ag doras an tseomra ranga go dtiocfaidh an múinteoir. | 5. **Fanaigí** ag doras an tseomra ranga go dtiocfaidh an múinteoir. |
| 6. **Téigh** isteach sa seomra ranga nuair a osclaíonn an múinteoir an doras. | 6. **Téigí** isteach sa seomra ranga nuair a osclaíonn an múinteoir an doras. |
| 7. Ná **bí** ag caint sa rang ar chor ar bith. | 7. Ná **bígí** ag caint sa rang ar chor ar bith. |
| 8. **Fág** an seomra ranga ag am sosa agus ag am lóin. | 8. **Fágaigí** an seomra ranga ag am sosa agus ag am lóin. |
| 9. **Imigh** abhaile chomh tapa in Éirinn agus is féidir ag am lóin. | 9. **Imígí** abhaile chomh tapa in Éirinn agus is féidir ag am lóin. |
| 10. Ná **déan** moill ag filleadh ar an gcoláiste tar éis lóin. | 10. Ná **déanaigí** moill ag filleadh ar an gcoláiste tar éis lóin. |
| 11. **Glac** páirt ghníomhach sna himeachtaí spraíúla san iarnóin. | 11. **Glacaigí** páirt ghníomhach sna himeachtaí spraíúla san iarnóin. |
| 12. **Gabh** buíochas le Bean an Tí as béile an tráthnóna. | 12. **Gabhaigí** buíochas le Bean an Tí as béile an tráthnóna. |
| 13. **Fill** ar an gcoláiste ansin le haghaidh imeachtaí an tráthnóna. | 13. **Filligí** ar an gcoláiste ansin le haghaidh imeachtaí an tráthnóna. |
| 14. **Siúil** chomh fada leis an mbus nuair a bheidh imeachtaí an tráthnóna críochnaithe. | 14. **Siúlaigí** chomh fada leis an mbus nuair a bheidh imeachtaí an tráthnóna críochnaithe. |
| 15. **Ullmhaigh** tú féin le dul a chodladh ansin | 15. **Ullmhaígí** sibh féin le dul a chodladh ansin. |
| 16. **Codail** go sámh ansin. | 16. **Codlaígí** go sámh ansin. |





snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. SCRÍOBH**

Tabhair am do na daltaí ríomhphost a scríobh chuig príomhoide an choláiste. Tá cead acu tacú leis an riail, nó cur ina coinne. Is féidir é seo a dhéanamh sa rang nó mar obair bhaile.

**E. CAINT**

Tabhair deis do na daltaí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad